
Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othar Cónaitheach | National Inpatient Experience Survey

# Bileog eolais



Scan le haghaidh tuilleadh eolais

www.yourexperience.ie



# Maidir leis an Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othar Cónaitheach

Is suirbhé náisiúnta é an **Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othar Cónaitheach** a chuireann ceisteanna ar othair faoina dtaithí san ospidéal le déanaí. Má scaoiltear amach as an ospidéal thú i mBealtaine 2024, is féidir go bhfaighidh tú cuireadh sa phost chun páirt a ghlacadh sa suirbhé.

## Cé atá ag tairiscint an tsuirbhé?

Tá an suirbhé á thairiscint ag an gClár Náisiúnta um Eispéiris Chúraim. Is comhpháirtíocht é an clár idir an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA), Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE) agus an Roinn Sláinte. Fostaíonn HIQA, mar an chomhpháirt cinn, próiseálaí sonraí tríú páirtí, Ipsos/Behaviour & Attitudes, chun cabhrú le riaradh an tsuirbhé.

## Cé a iarrfar orthu an suirbhé a chomhlánú?

Iarrfar ar aon duine atá 16 bliana d'aois agus níos sine a bhfuil ar a laghad 24 uair an chloig caite aige nó aici in ospidéal poiblí, a scaoileadh amach i mBealtaine 2024, agus a bhfuil seoladh aige nó aici i bPoblacht na hÉireann an suirbhé a chomhlánú.

## Cad atá i gceist le páirt a ghlacadh?

Tá sé an-éasca páirt a ghlacadh sa Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othar Cónaitheach. Tabharfar cuireadh d'othair incháilithe páirt a ghlacadh sa suirbhé cúpla seachtain tar éis dóibh a bheith scaoilte amach ón ospidéal. Chun páirt a ghlacadh sa suirbhé, is féidir le rannpháirtithe incháilithe cuairt a thabhairt ar **survey.yourexperience.ie**, nó an cód QR a scanadh, agus logáil isteach lena cód suirbhé uathúil atá le fáil sa litir chuiridh.

Is féidir le rannpháirtithe ar fearr leo leagan páipéir den suirbhé a chomhlánú, nó ar mian leo é a chomhlánú i nGaeilge nó i dteanga eile seachas Béarla, teagmháil a dhéanamh linn trí ríomhphost a sheoladh chuig **info@yourexperience.ie** nó glaoch ar ár n-uimhir Shaorghlao ar 1800 314093 (Luan-Aoine, 9am-5pm). Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag **www.yourexperience.ie**.



## Cén fáth ar chóir dom an suirbhé a chomhlánú?

Tugann an suirbhé deis duit insint dúinn faoi do thaithí san ospidéal le déanaí. Soláthróidh do chuid freagraí faisnéis thábhachtach dúinn faoi chaighdeán na seirbhísí agus cabhróidh siad linn na háiteanna ina bhfuil gá le feabhsúcháin a aithint. Má thugtar cuireadh duit a bheith páirteach, roinn do thaithí ar do thréimhse is déanaí san ospidéal chun cabhrú linn feabhsúcháin a dhéanamh ar chúram ospidéil ar fud na hÉireann.

## Conas a fuair tú m'ainm agus mo sheoladh?

Chuir d'ospidéal do shonraí teagmhála ar fáil ionas gur féidir linn an suirbhé a sheoladh chugat. Scriosfar iad a luaithe a bheidh an suirbhé críochnaithe.

## Cad a dhéanfaidh tú le mo fhreagraí?

Cuirfear gach freagairt suirbhé le chéile chun tuarascálacha a sholáthar ar eispéiris othar ar chúram ospidéil in Éirinn, a chuirfear ar fáil go poiblí ar www.yourexperience.ie. Is féidir torthaí suirbhéanna roimhe seo agus na gníomhartha feabhsaithe cáilíochta a d'eascair astu a fháil ar ár suíomh gréasáin freisin.

## An ndéileálfar le mo fhreagraí faoi rún?

Déileálfar. Próiseálfar do chuid freagraí faoi rún daingean agus coimeádfar iad ar leithligh ó do shonraí teagmhála.

Nuair a dhéanfar iad a anaithnidiú, coinneofar freagraí an tsuirbhé le haghaidh anailíse breise, lena n-áirítear comparáidí le Suirbhéanna Náisiúnta ar Eispéireas Othar Cónaitheacha amach anseo. Úsáidfear na sonraí freisin chun comparáid a dhéanamh, d'fhonn feabhas a chur ar eispéiris na bpobal éagsúil in Éirinn bunaithe ar dhálaí sochdhéimeagrafacha na gceantar ina gcónaíonn rannpháirtithe. Féadfaidh taighdeoirí na seirbhíse sláinte anailís a dhéanamh ar na sonraí faoi choinníollacha comhaontaithe.

Ní thabharfar na sonraí d'eintitis tráchtála ná ní úsáidfear iad chun críocha tráchtála.

## Tharla teagmhas sábháilteachta othar agus mé san ospidéal, cad ba cheart dom a dhéanamh?

Iarrann an suirbhé faoi theagmhais sábháilteachta othar.* Déanfar an fhaisnéis seo a chomhiomlánú agus ní úsáidfear í ach chun tacú leis an bhfoghlaim náisiúnta.

Ní dhéanfar an fhaisnéis a thugtar i bhfreagraí suirbhé aonair a fhiosrú agus ní bhfaighidh tú freagra. Má tharla teagmhas sábháilteachta othar duit agus más mian leat é a thuairisciú, ba chóir duit dul i dteagmháil leis an ospidéal inar tharla an teagmhas. Tá sonraí maidir le conas gearán a dhéanamh faoi sheirbhís HSE le fáil ar shuíomh gréasáin HSE: https://www2.hse.ie/complaints-feedback/

** Is éard is teagmhas sábháilteachta othar ann ná teagmhas (eachtra nó imthosca) a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh, nó arbh é ba thoradh air, gortú nó díobháil neamhriachtanach duit nó a chuir tú i mbaol gortaithe nó díobhála.*

## An gcloíonn an Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othar Cónaitheach le dlíthe cosanta sonraí?

Cloíonn. Comhlíonann an Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othar Cónaitheach dlíthe cosanta sonraí lena n-áirítear an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS). Bainfear úsáid as d'fhaisnéis, amhail d'ainm, sonraí teagmhála, aois agus inscne chun tú a chur san áireamh sa suirbhé. Ní úsáidfear aon fhaisnéis faoi do stair leighis chun an suirbhé a dhéanamh. Is féidir tuilleadh sonraí a fháil ar www.yourexperience.ie.

## Bhí taithí mhaith agam san ospidéal — an gá dom a bheith páirteach fós?

Tá gá! Má fuair tú cúram ar ardchaighdeán san ospidéal is féidir leat an suirbhé a úsáid chun insint dúinn faoi d'eispéireas dearfach.

## An féidir liom an suirbhé a thabhairt do bhall den teaghlach nó do chara le comhlíonadh?

Tá sé tábhachtach dúinn do scéal a chloisteáil agus sin an fáth a spreagaimid duit an suirbhé a chomhlánú tú féin. Mar sin féin, ná bíodh drogall ort iarraidh ar bhall teaghlaigh nó ar chara cabhrú leat, a fhad is gur leatsa na freagraí a thugtar.

## Cén cineál ceisteanna a iarrfar orm?

Iarrann an suirbhé ceisteanna ort faoi na nithe seo a leanas: nuair a cuireadh san ospidéal thú, timpeallacht an bharda, do chúram agus do chóireáil, idirghníomhú leis an bhfoireann agus do scaoileadh amach as an ospidéal.

## Cad a tharlóidh mura dteastaíonn uaim a bheith rannpháirteach?

Tá rannpháirtíocht sa suirbhé deonach. Cé go bhfuil sé tábhachtach dúinn cloisteáil faoi d'espéireas, is féidir rogha a dhéanamh gan a bheith páirteach suirbhé.

Mura dteastaíonn uait páirt a ghlacadh sa suirbhé seo agus gur fearr leat gan a thuilleadh eolais a fháil faoi, is féidir leat a rogha a dhéanamh gan a bheith páirteach trí cheann na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- téigh chuig www.yourexperience.ie agus do Chód Suirbhé a chur isteach
- cuir glaoch ar ár n-uimhir Shaorghlao ar 1800 314093
- an ceistneoir bán a chur ar ais sa chlúdach saorphoist.

## Cá bhfaighidh mé tuilleadh eolais?

Tá tuilleadh eolais ar fáil ar shuíomh gréasáin an Chláir Náisiúnta um Thaithí Chúraim www.yourexperience.ie. Is féidir leat glaoch ar ár n-uimhir Shaorghlao freisin ar 1800 314093, ríomhphost a chur chugainn ag info@yourexperience.ie nó scríobh chugainn ag:

**An Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othar Cónaitheach**
**c/o Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte**
**Cúirt Sheoirse**
**Lána Sheoirse**
**Baile Átha Cliath 7**
**D07 E98Y**



YourInpatientExperience

@CareExperience   @CareExperience

Health Information and Quality Authority
An tÚdarás Um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte

An Roinn Sláinte
Department of Health